

## **COMHAIRLE NA hEORPA.**

### **MOLADH UIMH. R(89)12 Ó CHOISTE NA nAIRÍ CHUIG NA BALLSTÁIT MAIDIR LEIS AN OIDEACHAS SA PHRÍOSÚN**

1. Beidh teacht ag príosúnaigh ar oideachas, lena n-áirítear ábhair a mhúintear sa seomra ranga, gairmoideachas, gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha, corpoideachas agus cluichí, oideachas sóisialta agus áiseanna leabharlainne.
2. Ba choir go mbeadh an t-oideachas do phríosúnaigh ar aon dul leis an gcineál oideachais a chuirtear ar fáil do na haoisghrúpaí céanna sa domhan lasmuigh, agus ba chóir go mbeadh réimse deiseanna foghlama na bpríosúnach chomh leathan agus is féidir.
3. Is í an aidhm a bheidh ag an oideachas sa phríosún ná an duine a fhorbairt ina iomláine nó ina hiomláine agus an cúlra sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha lena mbaineann sé nó sí á chur san áireamh.
4. Maidir le gach éinne a bhfuil baint aige nó aici le riar agus le bainistiú na bpríosún, beidh sé nó sí sásta cabhair agus tacaíocht a thabhairt don oideachas, a oiread agus is féidir é.
5. Beidh stádas an oideachais ar comhchéim ar a laghad le stádas na hoibre sa chóras príosún agus ní chaillfidh príosúnaigh aon airgead ná aon phribhléid eile i ngeall ar pháirt a ghlacadh san oideachas.
6. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun an príosúnach a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngach gné den oideachas.
7. Ba chóir clair thorbartha a sholáthar lena chinntiú go mbainfidh oideoirí leas as modhanna oideachais aosaigh a bheidh oiriúnach.
8. Ba chóir aird speisialta a thabhairt ar cibé príosúnaigh a bhfuil fadhbanna acu i dtaca le léamh agus scríobh de.
9. Ba chóir an gairmoideachas a dhírú ar fhorbairt an duine ar bhealach leathan, chomh maith le bheith san airdeall ar chlaontaí i margadh an tsaothair.
10. Ba chóir go mbeadh teacht ag príosúnaigh ar leabharlann a bhfuil stór maith leabhar inti uair sa tseachtain ar a laghad.
11. Cuirfear béim ar an gcorpoideachas agus ar chluichí do phríosúnaigh agus spreagfar na nithe seo.
12. Tabharfar ról tábhachtach do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha . mar go gcuireann na gníomhaíochtaí áirithe sea ar chumas na bpríosúnach iad féin a fhorbairt agus a chur in iúl.
13. Ba chóir go bhfolódh an t-oideachas sóisialta mireanna praiticiúla a chuirfeadh ar chumas an phríosúnaigh plé leis an saol laethúil sa phríosún, d'fhonn cabhrú leis an bpríosúnach filleadh ar an tsochaí.
14. Ba chóir ligean do phríosúnaigh páirt a ghlacadh san oideachas taobh amuigh den phríosún, in aon chás ar féidir sin.
15. I gcás gur sa phríosún a chaithfear an t-oideachas a thabhairt, ba chóir go mbeadh-an-pobal lasmuigh den phríosún páirteach ann, a oiread agus is féidir sin.
16. Ba chóir bearta a dhéanamh le cur ar chumas na bpríosúnach leanúint dá gcuid oideachais tar éis iad a ligean amach.

17. Maidir leis na cistí, an trealamh agus an fhoireann teagaisc is gá chun cur ar chumas na bpríosúnach oideachas oiriúnach a fháil, ba choir iad a sholáthar.

*Disclaimer:*

The translated text is not official.

For an official, juridical reference use the English or French version.